An Roinn Gnó,
Fiontar agus Nuálaíochta
Department of Business,
Enterprise and Innovation

# Tuarascáil faoin

# Acht chun Onnmhairí a Rialú 2008

## Ina gclúdaítear an Tréimhse

## 1 Eanáir–31 Nollaig 2019

# Brollach an Aire

Táim an-sásta an t-ochtú Tuarascáil Bhliantúil maidir le feidhmiú an Achta chun Onnmhairí a Rialú 2008, ina gclúdaítear an tréimhse an 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2019 a chur i láthair.

Tugann Éire faoi bheartais maidir le saorthrádáil agus an margadh oscailte, agus an tábhacht mhór á haithint aici maidir leis na rioscaí a bhaineann le leathadh na n-arm ollscriosta a íoslaghdú, slándáil agus cobhsaíocht réigiúnach a choimeád, sceimhlitheoireacht a chosc agus cearta an duine a chosaint. Tríd na tosaíochtaí beartas tábhachtacha seo a chothromú cuirtear taca faoi na rialuithe onnmhairiúcháin agus faoi na smachtbhannaí arna riar ag mo Roinn. Mar bhall freagrach den chomhphobal idirnáisiúnta, seasann Éire leis na caighdeáin is airde maidir le rialú onnmhairí, i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta agus leis an dea-chleachtas.

Táim tiomanta don oscailteacht agus don trédhearcacht is mó maidir le feidhmiú chóras rialaithe onnmhairí na hÉireann. Ag teacht leis an ngealltanas sa *Chlár don Rialtas – Ag Múnlú ár dTodhchaí*, soláthróidh mé a mhéad faisnéise is féidir maidir le honnmhairí earraí agus teicneolaíochta rialaithe. Déantar cur síos sa tuarascáil seo ar an ngníomhaíocht um cheadúnú arna déanamh ag mo Roinn le haghaidh na bliana dar críoch an 31 Nollaig 2019. Soláthraítear príomhshonraí inti maidir leis na ceadúnais a eisíodh, lena n-áirítear an uimhir, an luach agus an ceann scríbe, de réir chatagóir na n-earraí.

Déantar achoimre sa tuarascáil chomh maith ar reachtaíocht na hÉireann agus an reachtaíocht Eorpach maidir le rialú onnmhairí le linn 2019.

Tá sé beartaithe agam athbhreithniú a dhéanamh ar an gcreat náisiúnta dlíthiúil maidir le rialuithe onnmhairiúcháin mar ábhar tosaíochta agus reachtaíocht úr a thabhairt ar aghaidh chun an tAcht chun Onnmhairí a Rialú 2008 a thabhairt cothrom le dáta. Leis an reachtaíocht úr seo cinnteofar go mbeidh acmhainn chuimsitheach agus éifeachtach um fhorfheidhmiú ag Éirinn. Leis an mBille tabharfar éifeacht don ghealltanas sa Chlár don Rialtas lena chur ar chumas comhlachtaí rialála úsáid níos fearr a bhaint as pionóis riaracháin i gcomhthéacs rialuithe onnmhairiúcháin.

Cinnteoidh mé go dtacóidh rialuithe onnmhairiúcháin na hÉireann go mór lena freagracht dhaonnúlach as leathadh arm ollscriosta a chosc, cobhsaíocht réigiúnach a chur chun cinn agus cearta an duine a chosaint.

Leo Varadkar, T.D.
An Tánaiste agus an tAire Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta

# Clár na nÁbhar

1. Réamhrá.....1

2. Athruithe ar Reachtaíocht na hÉireann agus ar an reachtaíocht Eorpach.....2

3. Bearta Sriantacha AE a glacadh in 2019.....4

4. Athbhreithniú ar an mBeartas um Rialú Onnmhairí.....5

5. Sonraí maidir le Ceadúnais Onnmhairí.....6

6. Measúnú a dhéanamh ar Iarratais ar Cheadúnas.....9

7. For-rochtain agus Forfheidhmiú.....11

Iarscríbhinn I – Rialacháin na hÉireann maidir le Smachtbhannaí AE.....12

Iarscríbhinn II – Staidreamh maidir le Ceadúnas Onnmhairí 2019.....32

Iarscríbhinn III – Achoimre ar Chóid Liostaí Míleata.....42

Iarscríbhinn IV – Achoimre ar Chatagóirí Dé-Úsáide.....44

Iarscríbhinn V – Córais Iltaobhacha um Neamhleathadh.....45

Iarscríbhinn VI – Bearta Sriantacha AE.....46

# 1. Réamhrá

Ceanglaítear leis an Acht chun Onnmhairí a Rialú 2008 go ndéanfaidh an tAire, a luaithe is féidir i ndiaidh dheireadh gach bliana, tuarascáil a ullmhú agus a chur faoi bhráid dhá Theach an Oireachtais maidir le feidhmiú cúrsaí laistigh den Acht le linn na bliana roimhe sin.

Déantar cur síos sa tuarascáil seo ar an ngníomhaíocht um cheadúnú arna déanamh ag mo Roinn le haghaidh na bliana dar críoch an 31 Nollaig 2019 agus déantar achoimre inti chomh maith ar na príomhathruithe a rinneadh ar reachtaíocht na hÉireann agus ar an reachtaíocht Eorpach le linn na tréimhse sin. In Iarscríbhinn I tugtar faisnéis fhorlíontach maidir le rialacháin na hÉireann i ndáil le forfheidhmiú Bhearta Sriantacha an Aontais Eorpaigh. Tá staidreamh mionsonraithe maidir leis na ceadúnais a eisíodh curtha ar fáil in Iarscríbhinn II. Tá faisnéis chúlra maidir le cóid liostaí míleata, catagóirí dé-úsáide, córais iltaobhacha um neamhleathadh, agus Bearta Sriantacha AE leagtha amach in Iarscríbhinní III-VI.

Tá tuarascálacha roimhe seo maidir le feidhme chóras rialaithe onnmhairí na hÉireann ar fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne.

# 2. Athruithe ar Reachtaíocht na hÉireann agus ar an reachtaíocht Eorpach

## Nuashonrú ar an Rialachán maidir le Dé-Úsáid

Is é Rialachán (CE) 428/2009 ón gComhairle an 5 Bealtaine 2009 (an "Rialachán maidir le Dual-Úsáid")[1] an reachtaíocht phríomha Eorpach lena rialaítear onnmhairiú earraí dé-úsáide ón Aontas Eorpach. In Iarscríbhinn I leis an Rialachán maidir le Dé-Úsáid tá liosta d'itimí dé-úsáide atá faoi réir rialaithe agus teastaíonn údarú ina leith lena n-onnmhairiú lasmuigh den Aontas Eorpach[2]. Déantar Iarscríbhinn I leis an Rialachán maidir le Dé-Úsáid a leasú ar bhonn bliantúil chun athruithe a chur san áireamh a dhéantar ar liostaí rialaithe leis na príomhchórais iltaobhacha rialaithe onnmhairí, ar a bhfuil cur síos déanta in Iarscríbhinn V leis an tuarascáil seo. Cuirtear leasuithe ar Iarscríbhinn I leis an Rialachán maidir le Dé-Úsáid chun feidhme trí ghníomhartha tarmligthe ón gCoimisiún Eorpach.

Ar an 31 Nollaig 2019 tháinig Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2199[3] ón gCoimisiún lena leasaítear an Rialachán maidir le Dé-Úsáid i bhfeidhm. Rinneadh breiseanna, scriosadh agus soiléirithe leis an Rialachán ar na nótaí agus ar na sainmhínithe a úsáidtear in Iarscríbhinn I leis an Rialachán maidir le Dé-Úsáid, chun liosta rialaithe AE a nuashonrú chun teacht leis na cinntí a rinneadh sna córais iltaobhacha rialaithe onnmhairí in 2018.

---

[1] Rialachán (CE) 428/2009 ón gComhairle an 5 Bealtaine 2009 lena ndéantar córas comhphobail a chur ar bun chun rialú a dhéanamh ar onnmhairiú, ar aistriú agus ar bhróicéireacht ítimí dé-úsáide agus ar iad a bheith ar idirthuras.

[2] Faoi Airteagal 4 den Rialachán maidir le Dé-Úsáid, d'fhéadfadh ítimí nach bhfuil liostaithe in Iarscríbhinn 1 a bheith faoi réir rialaithe chomh maith agus teastaíonn ceadúnas ina leith chun onnmhairiú lasmuigh de AE a údarú.

## Nuashonrú ar an Liosta Comhchoiteann Míleata

I Liosta Comhchoiteann Míleata an Aontais Eorpaigh[4] leagtar amach na sainmhínithe agus na sonraíochtaí teicniúla maidir le trealamh cosanta a bhaineann le Rialuithe Onnmhairí. Déantar an liosta a leasú agus a nuashonrú ar bhonn tréimhsiúil, agus rinneadh é sin an uair dheireanach in 2018.

## Aistriú Táirgí a Bhaineann le Cosaint laistigh den Aontas Eorpach

Le Treoir 2009/43/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle bunaítear sraith shimplithe rialacha agus nósanna imeachta maidir le haistriú ítimí a bhaineann le cosaint laistigh den Aontas chun feidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh a chinntiú. Leasaíodh Treoir 2009/43/CE trí Threoir 2019/514 ón gCoimisiún i mí an Mhárta 2019 chun teacht le hathruithe in 2018 ar Liosta Comhchoiteann Míleata AE. I.R. Uimh. 291/2019 - Le Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Aistrithe Táirgí a Bhaineann le Cosaint Laistigh den Chomhphobal) (Leasú) an 2 Iúil 2019 tugadh éifeacht, in Éirinn, do nuashonrú agus leasú Threoir 2009/43/CE.

---

[3] Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2199 ón gCoimisiún an 17 Deireadh Fómhair 2019 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 428/2009 ón gComhairle lena ndéantar córas comhphobail a chur ar bun chun rialú a dhéanamh ar onnmhairiú, ar aistriú agus ar bhróicéireacht ítimí dé-úsáide agus ar iad a bheith ar idirthuras.

[4] Ionstraim Reachtúil Uimh. 346 de 2011 – Le Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Aistrithe Táirgí a Bhaineann le Cosaint Laistigh den Chomhphobal) 2011 tugtar éifeacht don Treoir seo i ndlí na hÉireann.

# 3. Bearta Sriantacha AE a glacadh in 2019

Ionstraimí polaitiúla is ea Bearta Sriantacha AE chun luachanna agus cuspóirí AE a chur chun cinn. Ceaptar Bearta Sriantacha chun athrú a dhéanamh ar bheartais nó ar ghníomhaíochtaí neamh-inmhianaithe, mar shampla sáruithe ar an dlí idirnáisiúnta nó ar chearta an duine nó beartais agus cleachtais nach gcloíonn leis an smacht reachta nó le prionsabail dhaonlathacha (Féach Iarscríbhinn IV le haghaidh míniú breise).

Roinneann an Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta agus an Roinn Airgeadais an fhreagracht as Rialacháin a dhréachtú (Ionstraim Reachtúla) chun soláthar a dhéanamh i leith pionós sa dlí náisiúnta ar sháruithe ar Bhearta Sriantacha AE. Rinne an tAire Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta agus an tAire Airgeadais caoga Rialachán úr le linn 2019, chun éifeacht iomlán dhlíthiúil a thabhairt do Bhearta Sriantacha úra agus nuashonraithe AE in Éirinn (féach Iarscríbhinn I le haghaidh sonraí iomlána maidir leis na Rialacháin sin).

Is í an Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta an t-údarás náisiúnta inniúil chomh maith le freagracht as gnéithe trádála Bhearta Sriantacha AE a fhorfheidhmiú.

# 4. Athbhreithniú ar an mBeartas um Rialú Onnmhairí

Tá athbhreithniú á dhéanamh ar chórais rialaithe an Aontais Eorpaigh maidir le hearraí dé-úsáide le cúpla bliain agus tá reachtaíocht úra á hullmhú chun na rialuithe a nuachóiriú agus a nuashonrú. Mar thoradh ar an bpróiseas athbhreithnithe sin foilsíodh an méid seo a leanas:

- Páipéar Uaine maidir le rialuithe onnmhairí dé-úsáide in 2011[5].
- Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle maidir leis an mbeartas um rialú onnmhairí in 2014[6].
- Fóram Tionscail in 2014[7].
- Tuarascáil ar phróiseas comhairliúcháin phoiblí agus tuarascáil ón gCoimisiún Eorpach ina dhiaidh sin in 2015[8].
- Togra ón gCoimisiún Eorpach, arna fhoilsiú i mí Mheán Fómhair 2016, chun an Rialachán maidir le Dé-Úsáid a athchóiriú, a nuashonrú agus a nuachóiriú[9].

Tá an togra ón gCoimisiún Eorpach faoi réir breithniú ag Comhairle an Aontais Eorpaigh agus Parlaimint na hEorpa, na comhreachtóirí, nach mór díobh beirt nuashonrú ar bith ar an Rialachán maidir le Dé-Úsáid a fhaomhadh ar deireadh.

Bhreithnigh Parlaimint na hEorpa an togra ón gCoimisiún in mí Eanáir 2018 agus chuir sí 98 leasú ar an togra ón gCoimisiún ar aghaidh[10]. I mí an Mheithimh 2019 d'fhaomh an Chomhairle sainordú idirbheartaíochta le haghaidh idirbheartaíocht Thrípháirteach le Parlaimint na hEorpa agus leis an gCoimisiún Eorpach[11]. Cuireadh tús leis an idirbheartaíocht Thrípháirteach i mí Dheireadh Fómhair 2019 agus bhí sí fós ar siúl nuair a foilsíodh an tuarascáil seo.

[5] https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/PDF/?uri=CELEX:52011DC0393&from=EN
[6] https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/PDF/?uri=CELEX:52014DC0244&from=EN
[7] http://trade.ec.europa.eu/doclib/docs/2014/october/tradoc_152858.pdf
[8] http://trade.ec.europa.eu/doclib/docs/2015/november/tradoc_154003.pdf

# 5. Sonraí maidir le Ceadúnais Onnmhairí

## Ceadúnais Aonair um Dhé-Úsáid

Eisíodh ceithre chéad is daichead a cúig ceadúnas aonair um dhé-úsáid in 2019, beagáinín os cionn an 444 ceadúnas a eisíodh in 2018. Tháinig méadú 10.6% ar luach na n-onnmhairí ar cheadúnais aonair a eisíodh in 2019 i gcomparáid le 2018, i.e., ó €410.8 milliún go €454.2 milliún.

Tháinig méadú 44% ar luach na gceadúnas a eisíodh le haghaidh ítimí Chatagóir 3 (Earraí Leictreonacha) ó €147.3 milliún go €212.5 milliún agus tháinig laghdú beag bídeach ar líon na gceadúnas, ó 51 go 50. Tháinig laghdú 9% ar luach na gceadúnas a eisíodh le haghaidh ítimí Chatagóir 5 (Slándáil Teileachumarsáide agus Faisnéise) ó €258.4 milliún go €234.4 milliún agus tháinig méadú 8% ar líon na gceadúnas, ó 315 go 341.

Corpraítear criptiú láidir ina lán táirgí caighdeánacha TFC gnó, bogearraí agus crua-earraí araon (e.g. stóráil sonraí, líonrú, cibearshlándáil), chun críocha slándála agus dá réir sin tá siad faoi réir Rialuithe Onnmhairiúcháin.

---

[9] http://eur-lex.europa.eu/resource.html?uri=cellar:1b8f930e-8648-11e6-b076-01aa75ed71a1.0013.02/DOC_1&format=pdf
[10] https://www.europarl.europa.eu/sides/getDoc.do?type=TA&reference=P8-TA-2018-0006&language=EN
[11] https://www.consilium.europa.eu/en/press/press-releases/2019/06/05/dual-use-goods-council-agrees-negotiating-mandate

## Ceadúnais Dhomhanda um Dhé-Úsáid

Le ceadúnais dhomhanda údaraítear lastais iomadúla de raon sonrach earraí agus teicneolaíochta chuig tíortha cinn scríbe amháin nó níos mó agus féadfaidh an Roinn iad a eisiúint chuig cuideachtaí ag a bhfuil méid mór onnmhaireoirí a mbaineann riosca íseal leo. Mar sin féin, ní eisítear iad go dtí go ndéanfar measúnú cuimsitheach riosca ar na hearraí agus na tíortha lena mbaineann agus ar stair um chomhlíonadh an onnmhaireora. Ní mó faomhadh a fháil ón Rialtas i leith na n-earraí agus na dtíortha atá clúdaithe agus sonraítear iad ar an gceadúnas.

Chomh maith leis sin, eisítear ceadúnas onnmhairí dé-úsáide faoi réir roinnt coinníollacha dochta, amhail toirmeasc ar a n-úsáid le haghaidh onnmhairí úsáideoirí deiridh míleata, póilíní nó slándála Stáit. Ní mó do shealbhóirí ceadúnais dhomhanda iarratas a dhéanamh ar cheadúnas aonair um dhé-úsáid i gcás go bhfuil sé beartaithe acu onnmhairiú chuig an gcatagóirí úsáideoirí deiridh sin.

Bhí fiche a trí ceadúnas domhanda um dhé-úsáid in úsáid in 2019, an líon céanna le 2018. B'ionann luach na n-onnmhairí iarbhír a tuairiscíodh faoi cheadúnais dhomhanda um dhé-úsáid in 2019 agus €1,897.8 milliún i gcomparáid le €3,157.1 milliún, laghdú, den chuid is mó ar ítimí Chatagóir 5 (Slándáil Teileachumarsáide agus Faisnéise).

## Ceadúnais Mhíleata

Coinníonn AE liosta trealaimh mhíleata, ar a dtugtar an Liosta Comhchoiteann Míleata. Tá 22 catagóir trealaimh sa Liosta (féach Iarscríbhinn III). Teastaíonn ceadúnas le haghaidh aistrithe trealaimh ar an liosta seo lasmuigh de AE, agus le haghaidh onnmhairí chomh maith chuig tríú tír (i.e. lasmuigh de AE).

Le linn 2019, eisíodh 99 ceadúnas míleata, dar luach €37.6 ar an iomlán. Bhí sé sin i gcomparáid le 96 ceadúnas in 2018, dar luach €32.5 ar an iomlán.

Ba é TFC an chatagóir ba mhó d'onnmhairí ceadúnaithe in 2019 le haghaidh feidhmeanna míleata, arbh ionann é agus €20 milliún de na ceadúnais. Eisíodh aon cheadúnas déag i ndáil le honnmhairí arm tine le haghaidh sealgaireachta nó spóirt.

Eisíodh dhá cheadúnas mhíleata dhomhanda in 2019, an líon céanna le 2018. Bhí luach na n-onnmhairí sin in 2019, €4.7 milliún beagáinín níos ísle ná an figiúr €4.8 milliún do 2018.

## Ceadúnais Bhróicéireachta

Teastaíonn ceadúnas bróicéireachta i gcás go bhfuil idirbheart á idirbheartú nó á eagrú le haghaidh ceannach, díol nó soláthar ítimí dé-úsáide nó míleata nó ítimí ó thríú trí go tríú tír eile.

Ní bhfuarthas iarratais ar cheadúnas le haghaidh ceadúnais bhróicéireachta ar bith le linn 2019.

## Cosaint Sonraí

Tá sé beartaithe leis an tuarascáil seo a mhéad trédhearcachta is féidir a sholáthar maidir leis an ngníomhaíocht um cheadúnú. Tá meas ag an Roinn chomh maith ar íogaireacht tráchtála agus rúndacht na faisnéise a sholáthraíonn onnmhaireoirí, áfach. Tá freagracht ag an Roinn chomh maith as pearsanra agus saoráidí onnmhaireoirí a chosaint. Dá réir sin, déantar sonraí maidir le honnmhairí a thuairisciú i bhfoirm chomhiomlán.

Sa tábla thíos leagtar amach faisnéis achomair maidir le líon agus luach na gceadúnas a dheonaigh an Roinn le linn 2018 agus 2019. Tá níos mó faisnéis staidrimh leagtha amach in Iarscríbhinn II leis an tuarascáil seo.

**Sonraí Achomair ar Líonta agus Luachanna na gCeadúnas a Eisíodh**

| **Cineál Ceadúnais** | **Líon de réir na Bliana** | | **Luach de réir na Bliana €** | |
|---|---|---|---|---|
| | **2019** | **2018** | **2019** | **2018** |
| Dé-Úsáid Aonair | 445 | 444 | 454.2m | 410.8m |
| Dé-Úsáid Dhomhanda | 23 | 23 | 1,897.8m | 3,157.1m |
| Míleata Aonair | 99 | 96 | 37.6m | 32.5m |
| Míleata Domhanda | 2 | 2 | 4.7m | 4.8m |
| **IOMLÁN** | **569** | **565** | **2,394.3m** | **3,605.2m** |

# 6. Measúnú a dhéanamh ar Iarratais ar Cheadúnas

Dírítear an measúnú ar iarratais ar cheadúnas ar a fhíorú, a mhéad is féidir, go mbainfidh an t-úsáideoir deiridh atá luaite úsáid as an ítim a onnmhaireofar don úsáid deiridh atá luaite, agus nach n-úsáidfear í chun crích neamhcheadaithe, e.g., i ndáil le hairm ollscriosta nó chun cearta an duine a shárú. Leis na cosaintí atá curtha isteach sa chóras ceadúnaithe éascaítear seiceálacha láidre agus cros-seiceálacha maidir leis sin.

Téann an Roinn i gcomhairle leis an Roinn Gnóthaí Eachtracha maidir le gach iarratas ar cheadúnas. Téann sí i gcomhairle chomh maith le húdaráis eile idirnáisiúnta agus údaráis eile de chuid AE um cheadúnú onnmhairí, de réir mar is gá.

In 2019, diúltaíodh tríocha a hocht iarratas ar cheadúnas, i gcomparáid le 15 diúltú in 2018. Rinneadh an diúltú sin ar fhorais breithnithe a rinneadh faoin úsáid deiridh a bhí beartaithe, faoi chosaint chearta an duine, faoin riosca um atreorú agus faoi smachtbhannaí AE.

## Critéir maidir le Measúnú

Sa Rialachán maidir le Dé-Úsáid leagtar amach na critéir lena chinneadh cé acu an ndeonófar nó an ndiúltófar ceadúnas aonair nó domhanda um dhé-úsáid. In Airteagal 12 ceanglaítear go gcuirfidh Ballstáit gach breithniú ábhartha san áireamh, lena n-áirítear:

a) Na hoibleagáidí agus na tiomantais atá glactha acu go léir mar bhaill de na córais idirnáisiúnta ábhartha um neamhleathadh agus socruithe um rialú onnmhairí, nó trí dhaingniú conartha idirnáisiúnta ábhartha.
b) A n-oibleagáidí faoi smachtbhannaí arna bhforchur trí chomhsheasamh nó trí ghníomhaíocht chomhpháirteach a ghlac an Chomhairle nó trí chinneadh ón Eagraíochta um Shlándáil agus Comhar san Eoraip (ESCE) nó trí rún ceangailteach ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe.
c) Breithnithe an bheartais náisiúnta eachtraigh agus slándála, lena n-áirítear na cinn atá clúdaithe i *gComhsheasamh 2008/944/CBES ón gComhairle an 8 Nollaig 2008 lena sainítear rialacha comhchoiteanna lena rialaítear rialú onnmhairí teicneolaíochta agus trealaimh mhíleata*.
d) Breithnithe maidir leis an úsáid deiridh atá beartaithe agus an riosca um atreorú.

Sa Chomhsheasamh, dá dtagraítear i bpointe (c) thuas, leagtar amach critéir chomhchoiteanna ar cheart iarratas ar onnmhairí earraí míleata a mheasúnú ina gcoinne. Is

iad sin iad seo a leanas:

Critéar a hAon: Meas ar oibleagáidí agus ar thiomantais idirnáisiúnta na mBallstát, go háirithe, smachtbhannaí arna nglacadh ag Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe nó ag an Aontas Eorpach, comhaontuithe maidir le neamhleathadh agus ábhair eile, chomh maith le hoibleagáidí idirnáisiúnta eile.

Critéar a Dó: Meas ar chearta an duine sa tír cinn scríbe deiridh chomh maith le meas ag an tír sin ar an dlí idirnáisiúnta dhaonnúlach.

Critéar a Trí: An cás inmheánach sa tír cinn scríbe deiridh, mar fheidhm nuair atá teannas nó coinbhleachtaí armtha ann.

Critéar a Ceithre: Síocháin, slándáil agus cobhsaíocht réigiúnach a chaomhnú.

Critéar a Cúig: Slándáil náisiúnta na mBallstát agus na gcríoch a bhfuil Ballstát freagracht as a gcaidreamh seachtrach, chomh maith le caidreamh seachtrach tíortha cairdiúla agus comhghuaillithe.

Critéar a Sé: Iompar na tíre is ceannaitheoir maidir leis an gcomhphobal idirnáisiúnta, i ndáil go háirithe lena dearcadh maidir le sceimhlitheoireacht, cineál a comhghuaillí agus meas ar an dlí idirnáisiúnta.

Critéar a Seacht: An baol a bheith ann go ndéanfaí an teicneolaíocht mhíleata nó an trealamh míleata a atreorú laistigh den tír is ceannaitheoir nó a ath-onnmhairiú faoi dhálaí neamh-inmhianaithe.

Critéar a hOcht: Comhoiriúnacht onnmhairí na teicneolaíochta míleata nó an trealaimh mhíleata le hacmhainn theicniúil agus eacnamaíoch na tíre fála, ag cur san áireamh an inmhianaitheacht gur cheart do stáit a riachtanais dhlisteanacha slándála agus cosanta a chomhlíonadh leis an méid is lú atreorú acmhainní daonna agus eacnamaíocha le haghaidh arm.

# 7. For-rochtain agus Forfheidhmiú

Choinnigh an Roinn fócas géar ar chúrsaí for-rochtana le linn 2019, chun feasacht a ardú maidir le Rialuithe Onnmhairiúcháin i measc onnmhaireoirí agus chun tacú le comhlíonadh agus é a ghríosú. Áiríodh ar na gníomhaíochtaí sin cuairt ar áitribh onnmhaireoirí agus rannpháirtíocht in imeachtaí amhail *Ag Tabhairt Aire do Ghnó*.

Díríonn an Roinn go sonrach ar chuidiú a thabhairt do FBManna le Rialuithe Onnmhairiúcháin a chomhlíonadh, agus chuige sin, sholáthair agus scaip sí Treoir i mBéarla shimplí maidir le Rialuithe Onnmhairiúcháin[12].

Le linn 2019 thug an Roinn os cionn 50 cuairt um chomhlíonadh agus um chigireachta ar onnmhairí chun comhlíonadh rialuithe a chinntiú.

Déanann an Roinn monatóireacht ar onnmhairí ítimí rialaithe i ndlúth-chomhoibriú leis na Coimisinéirí Ioncaim. Mar chuid den chomhoibriú sin, cuireann na Coimisinéirí Ioncaim sonraí faoi idirbhearta onnmhairiúcháin áirithe atá ar feitheamh chuig tíortha atá faoi réir smachtbhannaí trádála chuig an Roinn sula gceadaítear dóibh dul ar aghaidh. Le linn 2019, d'atreoraigh na Coimisinéirí Ioncaim 180 onnmhaire a bhí ar feitheamh chuig an Roinn lena n-athbhreithniú.

[12] https://dbei.gov.ie/en/Publications/Export-Licensing-and-Control-Information-for-Exporters.html

# Iarscríbhinn I – Rialacháin na hÉireann maidir le Smachtbhannaí AE

## 1. Bearta Sriantacha Maidir le Gníomhaíochtaí

**Airm Cheimiceacha**

1. **I.R. 538/2019 - Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Bearta Sriantacha in aghaidh Neamhleathadh agus Úsáid Arm Ceimiceach) 2019**

Déantar foráil sa Rialachán seo i leith fhorfheidhmiú na mbeart sriantach atá cuimsithe i Rialachán (AE) Uimh. 2018/1542 ón gComhairle, arna leasú, maidir le bearta sriantacha in aghaidh neamhleathadh agus úsáid arm ceimiceach. Áirítear ar éifeacht na mbeart sin:

- Reo cistí agus acmhainní eacnamaíocha daoine aonair agus eintiteas áirithe atá liostaithe.
- Cosc ar sholáthar cistí agus acmhainní eacnamaíocha do na daoine aonair agus na heintitis atá liostaithe.

Foráiltear sna Rialacháin go bhféadfaidh údaráis inniúla an Stáit treoracha a eisiúint chun éifeacht iomlán a thabhairt do na smachtbhannaí.

Leis an Rialachán chomh maith cruthaítear cionta as sárú a dhéanamh ar an Rialachán ón gComhairle nó as mainneachtain cloí le treoracha údaráis inniúla an Stáit i ndáil leis na smachtbhannaí a chur chun feidhme agus foráiltear ann i leith pionóis iomchuí.

**Cibirionsaithe**

1. **I.R. Uimh. 453/2019 - Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Bearta Sriantacha in aghaidh Cibirionsaithe atá ina mBagairt ar an Aontas nó ar a Bhallstáit) 2019**

Déantar foráil sa Rialachán seo i leith fhorfheidhmiú na mbeart sriantach atá cuimsithe i Rialachán (AE) Uimh. 2019/796 ón gComhairle, arna leasú, maidir le bearta sriantacha in aghaidh cibirionsaithe atá ina mbagairt ar an Aontas nó ar a Bhallstáit. Áirítear ar éifeacht na mbeart sin:

- Reo cistí agus acmhainní eacnamaíocha daoine aonair agus eintiteas áirithe atá liostaithe.
- Cosc ar sholáthar cistí agus acmhainní eacnamaíocha do na daoine aonair agus na heintitis atá liostaithe.

Foráiltear sna Rialacháin go bhféadfaidh údaráis inniúla an Stáit treoracha a eisiúint chun éifeacht iomlán a thabhairt do na smachtbhannaí.

Leis an Rialachán chomh maith cruthaítear cionta as sárú a dhéanamh ar an Rialachán ón gComhairle nó as mainneachtain cloí le treoracha údaráis inniúla an Stáit i ndáil leis na smachtbhannaí a chur chun feidhme agus foráiltear ann i leith pionóis iomchuí.

**ISIL/Al-Qaeda**

1. **I.R. Uimh. 87/2019- Rialachán an Aontais Eorpaigh (Bearta Sriantacha maidir le ISIL (Da’esh) agus Al-Qaeda agus daoine nádúrtha agus dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí a bhaineann leo) 2019**

2. **I.R. Uimh. 574/2019- Rialachán an Aontais Eorpaigh (Bearta Sriantacha maidir le ISIL (Da’esh) agus Al-Qaeda agus daoine nádúrtha agus dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí a bhaineann leo) (Uimh. 2) 2019**

3. **I.R. Uimh. 696/2019- Rialachán an Aontais Eorpaigh (Bearta Sriantacha maidir le ISIL (Da’esh) agus Al-Qaeda agus daoine nádúrtha agus dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí a bhaineann leo) (Uimh. 3) 2019**

Déantar foráil sna Rialacháin seo i leith fhorfheidhmiú na mbeart sriantach atá cuimsithe i Rialachán (AE) Uimh. 2016/1686 ón gComhairle, arna leasú, maidir le bearta sriantacha maidir le daoine nádúrtha agus dlítheanacha, eintitis agus comhlachtaí a bhfuil sé aitheanta ag an gComhairle go bhfuil baint acu le ISIL (Da’esh) agus Al-Qaeda.

1. **I.R. Uimh. 88/2019 - Na Rialacháin fán an Acht um Cheartas Coiriúil 2005 (Cionta Sceimhlitheoireachta) (Alt 42) (Bearta Sriantacha maidir le Daoine agus Eintitis Áirithe atá Bainteach leis na hEagraíochtaí ISIL (Da’esh) agus Al-Qaida) 2019**
2. **I.R. Uimh. 185/2019 - Na Rialacháin fán an Acht um Cheartas Coiriúil 2005**

**(Cionta Sceimhlitheoireachta) (Alt 42) (Bearta Sriantacha maidir le Daoine agus Eintitis Áirithe atá Bainteach leis na hEagraíochtaí ISIL (Da'esh) agus Al-Qaida) (Uimh. 2) 2019**

3. **I.R. Uimh. 267/2019 - Na Rialacháin fán an Acht um Cheartas Coiriúil 2005 (Cionta Sceimhlitheoireachta) (Alt 42) (Bearta Sriantacha maidir le Daoine agus Eintitis Áirithe a Bhaineann leis na hEagraíochtaí ISIL (Da'esh) agus Al-Qaida) (Uimh. 3) 2019**
4. **I.R. Uimh. 491/2019 - Na Rialacháin fán an Acht um Cheartas Coiriúil 2005 (Cionta Sceimhlitheoireachta) (Alt 42) (Bearta Sriantacha maidir le Daoine agus Eintitis Áirithe a Bhaineann leis na hEagraíochtaí ISIL (Da'esh) agus Al-Qaida) (Uimh. 4) 2019**
5. **I.R. Uimh. 575/2019 - Na Rialacháin fán an Acht um Cheartas Coiriúil 2005 (Cionta Sceimhlitheoireachta) (Alt 42) (Bearta Sriantacha maidir le Daoine agus Eintitis Áirithe a Bhaineann leis na hEagraíochtaí ISIL (Da'esh) agus Al-Qaida) (Uimh. 5) 2019**
6. **I.R. Uimh. 695/2019 - Na Rialacháin fán an Acht um Cheartas Coiriúil 2005 (Cionta Sceimhlitheoireachta) (Alt 42) (Bearta Sriantacha maidir le Daoine agus Eintitis Áirithe a Bhaineann leis na hEagraíochtaí ISIL (Da'esh) agus Al-Qaida) (Uimh. 6) 2019**

Déantar foráil sna Rialacháin seo i leith fhorfheidhmiú na mbeart sriantach atá cuimsithe i Rialachán (AE) Uimh. 881/2002 ón gComhairle, arna leasú, maidir le bearta sriantacha maidir le daoine nádúrtha agus dlítheanacha, eintitis agus comhlachtaí a bhfuil sé aitheanta ag an gComhairle go bhfuil baint acu le ISIL (Da'esh) agus Al-Qaeda.

Áirítear ar éifeachtaí na mbeart sin:

- Reo cistí agus acmhainní eacnamaíocha daoine aonair agus eintiteas áirithe atá liostaithe.
- Cosc ar sholáthar cistí agus acmhainní eacnamaíocha do na daoine aonair agus na heintitis atá liostaithe.
- Cosc ar sholáthar gníomhaíochtaí áirithe i ndáil le hearraí agus teicneolaíocht mhíleata.

Foráiltear sna Rialacháin go bhféadfaidh údaráis inniúla an Stáit treoracha a eisiúint chun

éifeacht iomlán a thabhairt do na smachtbhannaí.

Leis na Rialacháin chomh maith cruthaítear cionta as sárú a dhéanamh ar an Rialachán ón gComhairle nó as mainneachtain cloí le treoracha údaráis inniúla an Stáit i ndáil leis na smachtbhannaí a chur chun feidhme agus foráiltear ann i leith pionóis iomchuí.

Tá lánchosc arm i bhfeidhm chomh maith maidir le ISIL (Da'esh) agus Al-Qaeda agus daoine nádúrtha agus dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí a bhaineann leo.

**<u>Sceimhlitheoireacht</u>**

1. **I.R. Uimh. 85/2019 - Na Rialacháin fán an Acht um Cheartas Coiriúil 2005 (Cionta Sceimhlitheoireachta) (Alt 42) (Bearta Sriantacha maidir le Daoine agus Eintitis Áirithe d'fhonn an Sceimhlitheoireacht a Chomhrac) 2019**
2. **I.R. Uimh. 492/2019 - Na Rialacháin fán an Acht um Cheartas Coiriúil 2005 (Cionta Sceimhlitheoireachta) (Alt 42) (Bearta Sriantacha maidir le Daoine agus Eintitis Áirithe d'fhonn an Sceimhlitheoireacht a Chomhrac) (Uimh. 2) 2019**

Déantar foráil sna Rialacháin seo i leith fhorfheidhmiú na mbeart sriantach atá cuimsithe i Rialachán 2580/2001 (AE) ón gComhairle, arna leasú, maidir le bearta sriantacha maidir leis an sceimhlitheoireacht a chomhrac. Áirítear ar éifeachtaí na mbeart sin:

- Reo cistí agus acmhainní eacnamaíocha daoine aonair agus eintiteas áirithe atá liostaithe.
- Cosc ar sholáthar cistí agus acmhainní eacnamaíocha do na daoine aonair agus na heintitis atá liostaithe.
- Cosc ar éilimh a shásamh a dhéanann daoine áirithe i ndáil le conradh nó idirbheart ar bith a théann i gcion ar na bearta arna bhforchur leis an Rialachán.

Foráiltear sna Rialacháin go bhféadfaidh údaráis inniúla an Stáit treoracha a eisiúint chun éifeacht iomlán a thabhairt do na smachtbhannaí.

Leis na Rialacháin chomh maith cruthaítear cionta as sárú a dhéanamh ar an Rialachán ón gComhairle nó as mainneachtain cloí le treoracha údaráis inniúla an Stáit i ndáil leis na smachtbhannaí a chur chun feidhme agus foráiltear ann i leith pionóis iomchuí.

## 2. Bearta Sriantacha Maidir le Tíortha

**An Afganastáin**

1. **I.R. Uimh. 89/2019 - Rialachán an Aontais Eorpaigh (Bearta Sriantacha maidir leis an Afganastáin) 2019**

Déantar foráil sa Rialachán seo i leith fhorfheidhmiú na mbeart sriantach atá cuimsithe i Rialachán (AE) Uimh. 753/2011 ón gComhairle, arna leasú, maidir le bearta sriantacha maidir leis an Afganastáin. Áirítear ar éifeacht na mbeart sin:

- Reo cistí agus acmhainní eacnamaíocha daoine aonair agus eintiteas áirithe atá liostaithe.
- Cosc ar sholáthar cistí agus acmhainní eacnamaíocha do na daoine aonair agus na heintitis atá liostaithe.
- Cosc ar sholáthar gníomhaíochtaí áirithe i ndáil le hearraí agus teicneolaíocht mhíleata.

Foráiltear sna Rialacháin go bhféadfaidh údaráis inniúla an Stáit treoracha a eisiúint chun éifeacht iomlán a thabhairt do na smachtbhannaí.

Leis an Rialachán chomh maith cruthaítear cionta as sárú a dhéanamh ar an Rialachán ón gComhairle nó as mainneachtain cloí le treoracha údaráis inniúla an Stáit i ndáil leis na smachtbhannaí a chur chun feidhme agus foráiltear ann i leith pionóis iomchuí.

Tá lánchosc arm i bhfeidhm chomh maith maidir leis an Afganastáin.

**An Bhurúin**

1. I.R. Uimh. 65/2019 - Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Bearta Sriantacha maidir leis an mBurúin) 2019

Déantar foráil sa Rialachán seo i leith fhorfheidhmiú na mbeart sriantach atá cuimsithe i Rialachán (AE) Uimh. 2015/1755 ón gComhairle, arna leasú, maidir le bearta sriantacha maidir leis an mBurúin. Áirítear ar éifeacht na mbeart sin:

- Reo cistí agus acmhainní eacnamaíocha daoine aonair agus eintiteas áirithe atá liostaithe.

- Cosc ar sholáthar cistí agus acmhainní eacnamaíocha do na daoine aonair agus na heintitis atá liostaithe.
- Cosc ar éilimh a shásamh a dhéanann daoine áirithe i ndáil le conradh nó idirbheart ar bith a théann i gcion ar na bearta arna bhforchur leis an Rialachán.

Foráiltear sna Rialacháin go bhféadfaidh údaráis inniúla an Stáit treoracha a eisiúint chun éifeacht iomlán a thabhairt do na smachtbhannaí.

Leis an Rialachán chomh maith cruthaítear cionta as sárú a dhéanamh ar an Rialachán ón gComhairle nó as mainneachtain cloí le treoracha údaráis inniúla an Stáit i ndáil leis na smachtbhannaí a chur chun feidhme agus foráiltear ann i leith pionóis iomchuí.

**Poblacht na hAfraice Láir**

**1. I.R. Uimh. 453/2019 - Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Bearta Sriantacha maidir le Poblacht na hAfraice Láir) 2019**

Déantar foráil sa Rialachán seo i leith fhorfheidhmiú na mbeart sriantach atá cuimsithe i Rialachán (AE) Uimh. 224/2014 ón gComhairle, arna leasú, maidir le bearta sriantacha maidir le Poblacht na hAfraice Láir. Áirítear ar éifeacht na mbeart sin:

- Reo cistí agus acmhainní eacnamaíocha daoine aonair agus eintiteas áirithe atá liostaithe.
- Cosc ar sholáthar cistí agus acmhainní eacnamaíocha do na daoine aonair agus na heintitis atá liostaithe.
- Cosc ar sholáthar gníomhaíochtaí áirithe i ndáil le hearraí agus teicneolaíocht mhíleata nó pearsanra amhais míleata.
- Cosc ar éilimh a shásamh a dhéanann daoine áirithe i ndáil le conradh nó idirbheart ar bith a théann i gcion ar na bearta arna bhforchur leis an Rialachán.

Foráiltear sna Rialacháin go bhféadfaidh údaráis inniúla an Stáit treoracha a eisiúint chun éifeacht iomlán a thabhairt do na smachtbhannaí.

Leis an Rialachán chomh maith cruthaítear cionta as sárú a dhéanamh ar an Rialachán ón gComhairle nó as mainneachtain cloí le treoracha údaráis inniúla an Stáit i ndáil leis na smachtbhannaí a chur chun feidhme agus foráiltear ann i leith pionóis iomchuí.

Tá lánchosc arm i bhfeidhm chomh maith maidir le Poblacht na hAfraice Láir.

**Daon-Phoblacht Dhaonlathach na Cóiré**

1. **I.R. Uimh. 62/2019 - Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Bearta Sriantacha maidir le Daon-Phoblacht Dhaonlathach na Cóiré) 2019**

2. **I.R. Uimh. 168/2019 - Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Bearta Sriantacha maidir le Daon-Phoblacht Dhaonlathach na Cóiré) (Uimh. 2) 2019**

3. **I.R. Uimh. 456/2019 - Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Bearta Sriantacha maidir le Daon-Phoblacht Dhaonlathach na Cóiré) (Uimh. 3) 2019**
4. **I.R. Uimh. 498/2019 - Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Bearta Sriantacha maidir le Daon-Phoblacht Dhaonlathach na Cóiré) (Uimh. 4) 2019**

Déantar foráil sa Rialachán seo i leith fhorfheidhmiú na mbeart sriantach atá cuimsithe i Rialachán (AE) 2017/1509 ón gComhairle, arna leasú, maidir le bearta sriantacha maidir le Daon-Phoblacht Dhaonlathach na Cóiré. Áirítear ar éifeachtaí na mbeart sin:

- Reo cistí agus acmhainní eacnamaíocha daoine aonair agus eintiteas áirithe atá liostaithe.
- Cosc ar sholáthar cistí agus acmhainní eacnamaíocha do na daoine aonair agus na heintitis atá liostaithe.
- Cosc ar sholáthar gníomhaíochtaí áirithe i ndáil le hearraí agus teicneolaíocht mhíleata.
- Cosc ar shrianta onnmhairiúcháin agus allmhairiúcháin maidir le hearraí dé-úsáide agus earraí a chuirfeadh le cláir núicléacha nó arm Dhaon-Phoblacht Dhaonlathach na Cóiré.
- Cosc ar onnmhairiú só-earraí.
- Srianta onnmhairiúcháin agus allmhairiúcháin i ndáil le hór, miotail lómhara agus diamant agus soláthar bróicéireachta, cúnaimh theicniúil nó cúnaimh airgeadais maidir leis na hítimí sin.
- Srianta onnmhairiúcháin i ndáil le nótaí bainc agus boinn Dhaon-Phoblacht Dhaonlathach na Cóiré.
- Srianta iompair
- Smachtbhannaí airgeadais agus infheistíochta.
- Cosc earnála i ndáil le soláthar óir agus mianta agus mianraí áirithe.
- Cosc ar dhíol nó ar sholáthar breosla eitlíochta.

- cosc ar dhíol leachtaí gáis nádúrtha le Daon-Phoblacht Dhaonlathach na Cóiré.
- cosc ar allmhairí teicstíle ó Dhaon-Phoblacht Dhaonlathach na Cóiré.
- cosc ar dhíol táirgí peitriliam scagtha agus amhola le Daon-Phoblacht Dhaonlathach na Cóiré.
- cosc ar aistrithe loinge go long chuig soithí ar a bhfuil bratach Dhaon-Phoblacht Dhaonlathach na Cóiré ar foluain nó uathu.

Foráiltear sna Rialacháin go bhféadfaidh údaráis inniúla an Stáit treoracha a eisiúint chun éifeacht iomlán a thabhairt do na smachtbhannaí.

Leis na Rialacháin chomh maith cruthaítear cionta as sárú a dhéanamh ar an Rialachán ón gComhairle nó as mainneachtain cloí le treoracha údaráis inniúla an Stáit i ndáil leis na smachtbhannaí a chur chun feidhme agus foráiltear ann i leith pionóis iomchuí.

Tá lánchosc arm i bhfeidhm chomh maith maidir le Daon-Phoblacht Dhaonlathach na Cóiré.

**<u>Daon-Phoblacht Dhaonlathach Chongó</u>**

1. **I.R. Uimh. 172/2019 - Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Bearta Sriantacha maidir le Daon-Phoblacht Dhaonlathach Chongó) 2019**

Déantar foráil sa Rialachán seo i leith fhorfheidhmiú na mbeart sriantach atá cuimsithe i Rialachán 1183/2005 (CE) ón gComhairle, arna leasú, maidir le bearta sriantacha maidir le Daon-Phoblacht Dhaonlathach Chongó. Áirítear ar éifeachtaí na mbeart sin:

- Reo cistí agus acmhainní eacnamaíocha daoine aonair agus eintiteas áirithe atá liostaithe.
- Cosc ar sholáthar cistí agus acmhainní eacnamaíocha do na daoine aonair agus na heintitis atá liostaithe.
- Cosc ar sholáthar gníomhaíochtaí áirithe i ndáil le hearraí agus teicneolaíocht mhíleata.
- Cosc ar éilimh a shásamh a dhéanann daoine áirithe i ndáil le conradh nó idirbheart ar bith a théann i gcion ar na bearta arna bhforchur leis an Rialachán.

Foráiltear sna Rialacháin go bhféadfaidh údaráis inniúla an Stáit treoracha a eisiúint chun

éifeacht iomlán a thabhairt do na smachtbhannaí.

Leis an Rialachán chomh maith cruthaítear cionta as sárú a dhéanamh ar an Rialachán ón gComhairle nó as mainneachtain cloí le treoracha údaráis inniúla an Stáit i ndáil leis na smachtbhannaí a chur chun feidhme agus foráiltear ann i leith pionóis iomchuí.

Tá lánchosc arm i bhfeidhm chomh maith maidir le Daon-Phoblacht Dhaonlathach Chongó.

**An Éigipt**

**1- I.R. Uimh. 186/2019 - Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Bearta Sriantacha maidir leis an Éigipt) 2019**

Déantar foráil sa Rialachán seo i leith fhorfheidhmiú na mbeart sriantach atá cuimsithe i Rialachán (AE) Uimh. 270/2011 ón gComhairle, arna leasú, maidir le bearta sriantacha maidir leis an Éigipt. Áirítear ar éifeachtaí na mbeart sin:

- Reo cistí agus acmhainní eacnamaíocha daoine aonair agus eintiteas áirithe atá liostaithe.
- Cosc ar sholáthar cistí agus acmhainní eacnamaíocha do na daoine aonair agus na heintitis atá liostaithe.

Foráiltear sna Rialacháin go bhféadfaidh údaráis inniúla an Stáit treoracha a eisiúint chun éifeacht iomlán a thabhairt do na smachtbhannaí.

Leis an Rialachán chomh maith cruthaítear cionta as sárú a dhéanamh ar an Rialachán ón gComhairle nó as mainneachtain cloí le treoracha údaráis inniúla an Stáit i ndáil leis na smachtbhannaí a chur chun feidhme agus foráiltear ann i leith pionóis iomchuí.

**An Iaráin**

**1. I.R. Uimh. 451/2019 - Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Bearta Sriantacha maidir leis an Iaráin) 2019**

Déantar foráil sa Rialachán seo i leith fhorfheidhmiú na mbeart sriantach atá cuimsithe i Rialachán (AE) Uimh. 359/2011 ón gComhairle, arna leasú, maidir le bearta sriantacha maidir leis an Iaráin. Áirítear ar éifeacht na mbeart sin:

- Reo cistí agus acmhainní eacnamaíocha daoine aonair agus eintiteas áirithe atá liostaithe.
- Cosc ar sholáthar cistí agus acmhainní eacnamaíocha do na daoine aonair agus na heintitis atá liostaithe.
- Cosc ar:
    - díol/onnmhairiú earraí a bhféadfaí iad a úsáid chun críocha brú faoi chois inmheánach agus trealamh liostaithe eile.
    - soláthar gníomhaíochtaí áirithe maidir le hearraí a bhféadfaí iad a úsáid le haghaidh brú faoi chois inmheánach agus trealamh liostaithe eile.

Foráiltear sna Rialacháin go bhféadfaidh údaráis inniúla an Stáit treoracha a eisiúint chun éifeacht iomlán a thabhairt do na smachtbhannaí.

Leis an Rialachán chomh maith cruthaítear cionta as sárú a dhéanamh ar an Rialachán ón gComhairle nó as mainneachtain cloí le treoracha údaráis inniúla an Stáit i ndáil leis na smachtbhannaí a chur chun feidhme agus foráiltear ann i leith pionóis iomchuí.

### 2. I.R. Uimh. 452/2019 - Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Bearta Sriantacha maidir leis an Iaráin) (Uimh. 2) 2019

Déantar foráil sa Rialachán seo i leith fhorfheidhmiú na mbeart sriantach atá cuimsithe i Rialachán (AE) Uimh. 267/2012 ón gComhairle, arna leasú, maidir le bearta sriantacha maidir leis an Iaráin. Áirítear ar éifeacht na mbeart sin:

- Reo cistí agus acmhainní eacnamaíocha daoine aonair agus eintiteas áirithe atá liostaithe.
- Cosc ar sholáthar cistí agus acmhainní eacnamaíocha do na daoine aonair agus na heintitis atá liostaithe.
- Cosc ar sholáthar teicneolaíochta diúracáin.
- Cosc ar éilimh a shásamh a dhéanann daoine áirithe i ndáil le conradh nó idirbheart ar bith a théann i gcion ar na bearta arna bhforchur leis an Rialachán.

- Córais um údarú maidir le:
    - Soláthar earraí áirithe a bhaineann le gníomhaíochtaí cumhachta núicléiche ar leith.
    - Bogearraí um Pleanáil Acmhainní Fiontraíochta a sholáthar a cheaptar lena n-úsáid i ngníomhaíochtaí núicléacha agus míleata.
    - Soláthar miotal áirithe.

Tá lánchosc arm i bhfeidhm chomh maith maidir leis an Iaráin.

**An Iaráic**

1. **I.R. Uimh. 84/2019 - Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Bearta Sriantacha maidir leis an Iaráic) 2019**

2. **I.R. Uimh. 187/2019 - Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Bearta Sriantacha maidir leis an Iaráic) (Uimh. 2) 2019**

3. **I.R. Uimh. 272/2019 - Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Bearta Sriantacha maidir leis an Iaráic) (Uimh. 3) 2019**

4. **I.R. Uimh. 359/2019 - Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Bearta Sriantacha maidir leis an Iaráic) (Uimh. 4) 2019**

Déantar foráil sna Rialacháin seo i leith fhorfheidhmiú na mbeart sriantach atá cuimsithe i Rialachán 1210/2003 (AE) ón gComhairle, arna leasú, maidir le bearta sriantacha maidir leis an Iaráic. Áirítear ar éifeacht na mbeart sin:

- Reo cistí agus acmhainní eacnamaíocha daoine aonair agus eintiteas áirithe atá liostaithe.
- Cosc ar sholáthar cistí agus acmhainní eacnamaíocha do na daoine aonair agus na heintitis atá liostaithe agus srianta ar thrádáil in earraí cultúrtha.
- Cosc ar éilimh a shásamh a dhéanann daoine áirithe i ndáil le conradh nó idirbheart ar bith a théann i gcion ar na bearta arna bhforchur leis an Rialachán.

Foráiltear sna Rialacháin go bhféadfaidh údaráis inniúla an Stáit treoracha a eisiúint chun éifeacht iomlán a thabhairt do na smachtbhannaí.

Tá lánchosc arm i bhfeidhm chomh maith maidir leis an Iaráic.

**An Libia**

1. **I.R. Uimh. 86/2019 - Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Bearta Sriantacha maidir leis an Libia) 2019**

2. **I.R. Uimh. 490/2019 - Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Bearta Sriantacha maidir leis an Libia) (Uimh. 2) 2019**

Déantar foráil sna Rialacháin seo i leith fhorfheidhmiú na mbeart sriantach atá cuimsithe i Rialachán (AE) 2016/44 ón gComhairle, arna leasú, maidir le bearta sriantacha maidir leis an Libia. Áirítear ar éifeacht na mbeart sin:

- Reo cistí agus acmhainní eacnamaíocha daoine aonair agus eintiteas áirithe atá liostaithe.
- Cosc ar sholáthar cistí agus acmhainní eacnamaíocha do na daoine aonair agus na heintitis atá liostaithe.
- Cosc ar éilimh a shásamh a dhéanann daoine áirithe i ndáil le conradh nó idirbheart ar bith a théann i gcion ar na bearta arna bhforchur leis an Rialachán.
- Cosc ar:
    - díol/onnmhairiú agus allmhairiú earraí a bhféadfaí iad a úsáid chun críocha brú faoi chois inmheánach.
    - soláthar gníomhaíochtaí áirithe maidir le hearraí agus teicneolaíocht mhíleata, earraí a bhféadfaí iad a úsáid le haghaidh brú faoi chois inmheánach nó soláthar pearsanra amhais diúracáin.
    - Gníomhaíochtaí a bhaineann le soithí áirithe chun onnmhairiú neamhdhleathach amhola ón Libia a chosc.

Foráiltear sna Rialacháin go bhféadfaidh údaráis inniúla an Stáit treoracha a eisiúint chun éifeacht iomlán a thabhairt do na smachtbhannaí.

Leis na Rialacháin chomh maith cruthaítear cionta as sárú a dhéanamh ar an Rialachán ón gComhairle nó as mainneachtain cloí le treoracha údaráis inniúla an Stáit i ndáil leis na smachtbhannaí a chur chun feidhme agus foráiltear ann i leith pionóis iomchuí.

Tá lánchosc arm i bhfeidhm chomh maith maidir leis an Libia.

**Oileáin Mhaildíve**

1. **I.R. Uimh. 361/2019- Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Bearta Sriantacha maidir le hOileáin Mhaildíve) 2019**

Cúlghairtear leis an Rialachán seo forfheidhmiú na mbeart sriantach atá cuimsithe i Rialachán 2018/1001 (CE) ón gComhairle maidir le bearta sriantacha maidir le hOileáin Mhaildíve, nach bhfuil i bhfeidhm a thuilleadh.

**Maenmar/Burma**

1. **I.R. Uimh. 83/2019 - Rialachán an Aontais Eorpaigh (Bearta Sriantacha maidir le Maenmar/Burma 2019**

2. **I.R. Uimh. 268/2019 - Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Bearta Sriantacha maidir le Maenmar/Burma) (Uimh. 2) 2019**

Déantar foráil sna Rialacháin seo i leith fhorfheidhmiú na mbeart sriantach atá cuimsithe i Rialachán 401/2013 (AE) ón gComhairle, arna leasú, maidir le bearta sriantacha maidir le Maenmar/Burma. Áirítear ar éifeacht na mbeart sin:

- Cosc ar sholáthar gníomhaíochtaí áirithe i ndáil le hearraí agus teicneolaíocht mhíleata.
- Reo cistí agus acmhainní eacnamaíocha daoine aonair agus eintiteas áirithe atá liostaithe.
- Cosc ar sholáthar cistí agus acmhainní eacnamaíocha do na daoine aonair agus na heintitis atá liostaithe.
- Srianta ar:
  - earraí a onnmhairiú a bhféadfaí iad a úsáid chun críocha brú faoi chois inmheánach.
  - trealamh, teicneolaíocht nó bogearraí monatóireachta agus idircheaptha teileachumarsáide áirithe a onnmhairiú.

Foráiltear sna Rialacháin go bhféadfaidh údaráis inniúla an Stáit treoracha a eisiúint chun éifeacht iomlán a thabhairt do na smachtbhannaí.

Tá lánchosc arm i bhfeidhm chomh maith maidir le Maenmar/Burma.

**Poblacht na Guine**

1. **I.R. Uimh. 61/2019 - Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Bearta Sriantacha maidir le Poblacht na Guine) 2019**

Déantar foráil sa Rialachán seo i leith fhorfheidhmiú na mbeart sriantach atá cuimsithe i Rialachán (AE) Uimh. 1284/2009 ón gComhairle, arna leasú, maidir le bearta sriantacha maidir le Poblacht na Guine. Áirítear ar éifeachtaí na mbeart sin:

- Reo cistí agus acmhainní eacnamaíocha daoine aonair agus eintiteas áirithe atá liostaithe.
- Cosc ar sholáthar cistí agus acmhainní eacnamaíocha do na daoine aonair agus na heintitis atá liostaithe.

Foráiltear sna Rialacháin go bhféadfaidh údaráis inniúla an Stáit treoracha a eisiúint chun éifeacht iomlán a thabhairt do na smachtbhannaí.

Leis an Rialachán chomh maith cruthaítear cionta as sárú a dhéanamh ar an Rialachán ón gComhairle nó as mainneachtain cloí le treoracha údaráis inniúla an Stáit i ndáil leis na smachtbhannaí a chur chun feidhme agus foráiltear ann i leith pionóis iomchuí.

**Cónaidhm na Rúise**

1. **I.R. Uimh. 82/2019 - Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Bearta Sriantacha maidir leis an Úcráin) 2019**

2. **I.R. Uimh. 184/2019 - Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Bearta Sriantacha maidir leis an Úcráin) (Uimh. 2) 2019**

3. **I.R. Uimh. 493/2019 - Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Bearta Sriantacha maidir leis an Úcráin) (Uimh. 3) 2019**

Déantar foráil sa Rialachán seo i leith fhorfheidhmiú na mbeart sriantach atá cuimsithe i Rialachán (AE) Uimh. 208/2014 ón gComhairle, arna leasú, i Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 ón gComhairle, arna leasú, i Rialachán (AE) Uimh. 692/2014 ón gComhairle, arna leasú, agus i Rialachán (AE) Uimh.

833/2014 ón gComhairle, arna leasú, maidir le bearta sriantacha maidir le Cónaidhm na Rúise. Áirítear ar éifeacht na mbeart sin:

- Raon staidreamh airgeadais.
- Srianta maidir le:
  - Soláthar ítimí a bhaineann leis an arm agus ítimí dé-úsáide chuig Cónaidhm na Rúise.
  - Soláthar gníomhaíochtaí áirithe a bhaineann leis an arm agus ítimí dé-úsáide.
  - Soláthar earraí agus seirbhísí áirithe a bhaineann le bonneagar in earnálacha áirithe sa Chrimé, srianta ar infheistíocht sa Chrimé, agus srianta ar allmhairí ón gCrimé.
- Srianta ar sholáthar ítimí agus teicneolaíochta áirithe chuig Cónaidhm na Rúise i ndáil leis an earnáil fuinnimh.

Foráiltear sna Rialacháin go bhféadfaidh údaráis inniúla an Stáit treoracha a eisiúint chun éifeacht iomlán a thabhairt do na smachtbhannaí.

Leis na Rialacháin chomh maith cruthaítear cionta as sárú a dhéanamh ar an Rialachán ón gComhairle nó as mainneachtain cloí le treoracha údaráis inniúla an Stáit i ndáil leis na smachtbhannaí a chur chun feidhme agus foráiltear ann i leith pionóis iomchuí. [13]

Tá lánchosc arm i bhfeidhm chomh maith maidir le Cónaidhm na Rúise.

**<u>An tSúdáin Theas</u>**

1. **I.R. Uimh. 64/2019 - Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Bearta Sriantacha maidir leis an tSúdáin Theas) 2019**
2. **I.R. Uimh. 171/2019 - Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Bearta Sriantacha maidir leis an tSúdáin Theas) (Uimh. 2) 2019**

---

[13] Rialachán 2014, Rialachán (AE). Uimh. 833/2014 maidir le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise lena ndíchobhsaítear an cás san Úcráin, lena bhforchuirtear ceanglas um cheadúnú maidir le díol, soláthar, aistriú nó onnmhairiú trealaimh agus teicneolaíochta áirithe a bhaineann le fuinneamh chuig an Rúis. Tá an trealamh agus an teicneolaíocht atá faoi réir rialú liostaithe in Iarscríbhinn II leis an Rialachán. D’eisigh an Roinn 34 ceadúnas, dar luach €37.6 milliún ar an iomlán le linn 2019 faoi Airteagal 3 de Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 ón gComhairle. Bhain na ceadúnais a eisíodh den chuid ba mhó le táirgí mianadóireachta lena n-úsáid i mianaigh mianraí crua (gual agus mian mhiotail).

3. **I.R. Uimh. 500/2019 - Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Bearta Sriantacha maidir leis an tSúdáin Theas) (Uimh. 3) 2019**

Déantar foráil sna Rialacháin seo i leith fhorfheidhmiú na mbeart sriantach atá cuimsithe i Rialachán (AE) Uimh. 748/2014 ón gComhairle, arna leasú, maidir le bearta sriantacha maidir leis an tSúdáin Theas. Áirítear ar éifeachtaí na mbeart sin:

- Reo cistí agus acmhainní eacnamaíocha daoine aonair agus eintiteas áirithe atá liostaithe.
- Cosc ar sholáthar cistí agus acmhainní eacnamaíocha do na daoine aonair agus na heintitis atá liostaithe.
- Cosc ar sholáthar gníomhaíochtaí áirithe i ndáil le hearraí agus teicneolaíocht mhíleata.

Foráiltear sna Rialacháin go bhféadfaidh údaráis inniúla an Stáit treoracha a eisiúint chun éifeacht iomlán a thabhairt do na smachtbhannaí.

Leis na Rialacháin chomh maith cruthaítear cionta as sárú a dhéanamh ar an Rialachán ón gComhairle nó as mainneachtain cloí le treoracha údaráis inniúla an Stáit i ndáil leis na smachtbhannaí a chur chun feidhme agus foráiltear ann i leith pionóis iomchuí.

Tá lánchosc arm i bhfeidhm chomh maith maidir leis an tSúdáin Theas.

**<u>An tSiria</u>**

1. **I.R. Uimh. 170/2019 - Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Bearta Sriantacha maidir leis an tSiria) 2019**

2. **I.R. Uimh. 450/2019 - Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Bearta Sriantacha maidir leis an tSiria) (Uimh. 2) 2019**

Déantar foráil sna Rialacháin seo i leith fhorfheidhmiú na mbeart sriantach atá cuimsithe i Rialachán (AE) Uimh. 36/2012 ón gComhairle, arna leasú, maidir le bearta sriantacha maidir leis an tSiria. Áirítear ar éifeacht na mbeart sin:

- Réimse leatha srianta airgeadais agus trádála lena n-áirítear reo cistí agus acmhainní eacnamaíocha daoine aonair agus eintiteas áirithe atá liostaithe.
- Cosc ar sholáthar cistí agus acmhainní eacnamaíocha do na daoine aonair agus na heintitis atá liostaithe.
- Cosc ar éilimh a shásamh a dhéanann daoine áirithe i ndáil le conradh nó idirbheart ar bith a théann i gcion ar na bearta arna bhforchur leis an Rialachán.
- Srianta ar:
    - earraí dé-úsáide a onnmhairiú a bhféadfaí iad a úsáid chun críocha brú faoi chois inmheánach.
    - srianta ar threalamh áirithe lena úsáid sna hearnálacha ola agus gáis agus só-earraí áirithe a onnmhairiú.
    - soláthar seirbhísí airgeadais áirithe agus infheistíocht i dtionscadail bhonneagair áirithe.
    - trádáil in ítimí cultúrtha; agus srianta allmhairiúcháin ar amhola, táirgí peitriliam, diamaint agus miotail lómhara.

Foráiltear sna Rialacháin seo go bhféadfaidh údaráis inniúla an Stáit treoracha a eisiúint chun éifeacht iomlán a thabhairt do na smachtbhannaí.

Leis na Rialacháin seo chomh maith cruthaítear cionta as sárú a dhéanamh ar an Rialachán ón gComhairle nó as mainneachtain cloí le treoracha údaráis inniúla an Stáit i ndáil leis na smachtbhannaí a chur chun feidhme agus foráiltear ann i leith pionóis iomchuí

Tá lánchosc arm i bhfeidhm chomh maith maidir leis an tSiria.

**<u>An Túinéis</u>**

1. **I.R. Uimh. 169/2019 - Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Bearta Sriantacha maidir leis an Túinéis) 2019**

Déantar foráil sa Rialachán seo i leith fhorfheidhmiú na mbeart sriantach atá cuimsithe i Rialachán (AE) Uimh. 101/2011 ón gComhairle, arna leasú, maidir le bearta sriantacha maidir leis an Túinéis. Áirítear ar éifeachtaí na mbeart sin:

- Reo cistí agus acmhainní eacnamaíocha daoine aonair agus eintiteas áirithe atá liostaithe.
- Cosc ar sholáthar cistí agus acmhainní eacnamaíocha do na daoine aonair agus na heintitis atá liostaithe.

Foráiltear sna Rialacháin go bhféadfaidh údaráis inniúla an Stáit treoracha a eisiúint chun éifeacht iomlán a thabhairt do na smachtbhannaí.

Leis an Rialachán chomh maith cruthaítear cionta as sárú a dhéanamh ar an Rialachán ón gComhairle nó as mainneachtain cloí le treoracha údaráis inniúla an Stáit i ndáil leis na smachtbhannaí a chur chun feidhme agus foráiltear ann i leith pionóis iomchuí.

**<u>An Tuirc</u>**

**1. I.R. Uimh. 694/2019 - Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Bearta Sriantacha maidir leis an Tuirc) 2019**

Déantar foráil sa Rialachán seo i leith fhorfheidhmiú na mbeart sriantach atá cuimsithe i Rialachán (AE) Uimh. 2019/1890 ón gComhairle, arna leasú, maidir le bearta sriantacha maidir leis an Tuirc. Áirítear ar éifeachtaí na mbeart sin:

- Reo cistí agus acmhainní eacnamaíocha daoine aonair agus eintiteas áirithe atá liostaithe.
- Cosc ar sholáthar cistí agus acmhainní eacnamaíocha do na daoine aonair agus na heintitis atá liostaithe.

Foráiltear sna Rialacháin go bhféadfaidh údaráis inniúla an Stáit treoracha a eisiúint chun éifeacht iomlán a thabhairt do na smachtbhannaí.

Leis an Rialachán chomh maith cruthaítear cionta as sárú a dhéanamh ar an Rialachán ón gComhairle nó as mainneachtain cloí le treoracha údaráis inniúla an Stáit i ndáil leis na smachtbhannaí a chur chun feidhme agus foráiltear ann i leith pionóis iomchuí.

**<u>Veiniséala</u>**

1. **I.R. Uimh. 63/2019- Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Bearta Sriantacha maidir le Veiniséala) 2019**

2. **I.R. Uimh. 499/2019- Rialachán an Aontais Eorpaigh (Bearta Sriantacha maidir le Veiniséala) (Uimh. 2) 2019**

Déantar foráil sna Rialacháin seo i leith fhorfheidhmiú na mbeart sriantach atá cuimsithe i Rialachán 2017/2063 (AE) ón gComhairle, arna leasú, maidir le bearta sriantacha maidir le Veiniséala. Áirítear ar éifeacht na mbeart sin:

- Reo cistí agus acmhainní eacnamaíocha daoine aonair agus eintiteas áirithe atá liostaithe.
- Cosc ar sholáthar cistí agus acmhainní eacnamaíocha do na daoine aonair agus na heintitis atá liostaithe.
- Srianta ar:
  - earraí a onnmhairiú a bhféadfaí iad a úsáid chun críocha brú faoi chois inmheánach.
  - trealamh, teicneolaíocht nó bogearraí monatóireachta agus idircheaptha teileachumarsáide áirithe a onnmhairiú.

Foráiltear sna Rialacháin go bhféadfaidh údaráis inniúla an Stáit treoracha a eisiúint chun éifeacht iomlán a thabhairt do na smachtbhannaí.

Leis an Rialachán chomh maith cruthaítear cionta as sárú a dhéanamh ar an Rialachán ón gComhairle nó as mainneachtain cloí le treoracha údaráis inniúla an Stáit i ndáil leis na smachtbhannaí a chur chun feidhme agus foráiltear ann i leith pionóis iomchuí.

## An tSiombáib

**1. I.R. Uimh. 449/2019- Rialachán an Aontais Eorpaigh (Bearta Sriantacha maidir leis an tSiombáib) 2019**

Déantar foráil sa Rialacháin seo i leith fhorfheidhmiú na mbeart sriantach atá cuimsithe i Rialachán 314/2004 (AE) ón gComhairle, arna leasú, maidir le bearta sriantacha maidir leis an tSiombáib. Áirítear ar éifeachtaí na mbeart sin:

- Reo cistí agus acmhainní eacnamaíocha daoine aonair agus eintiteas áirithe atá liostaithe.
- Cosc ar sholáthar cistí agus acmhainní eacnamaíocha do na daoine aonair agus na heintitis atá liostaithe.
- Cosc ar híol/onnmhairiú earraí a bhféadfaí iad a úsáid chun críocha brú faoi chois inmheánach agus soláthar seirbhísí eile a bhaineann leis an trealamh sin.

Foráiltear sna Rialacháin go bhféadfaidh údaráis inniúla an Stáit treoracha a eisiúint chun éifeacht iomlán a thabhairt do na smachtbhannaí.

Leis an Rialachán chomh maith cruthaítear cionta as sárú a dhéanamh ar an Rialachán ón gComhairle nó as mainneachtain cloí le treoracha údaráis inniúla an Stáit i ndáil leis na smachtbhannaí a chur chun feidhme agus foráiltear ann i leith pionóis iomchuí.

Tá lánchosc arm i bhfeidhm chomh maith maidir leis an tSiombáib.

# Iarscríbhinn II – Staidreamh maidir le Ceadúnas Onnmhairí 2019

## Sonraí Achomair ar Líonta agus Luachanna na gCeadúnas a Eisíodh

| **Cineál Ceadúnais** | **Líon de réir na Bliana** | | **Luach de réir na Bliana €** | |
|---|---|---|---|---|
| | **2019** | **2018** | **2019** | **2018** |
| Dé-Úsáid Aonair | 445 | 444 | 454.2m | 410.8m |
| Dé-Úsáid Dhomhanda | 23 | 23 | 1,897.80m | 3,157.10m |
| Míleata Aonair | 99 | 96 | 37.6m | 32.5m |
| Míleata Domhanda | 2 | 2 | 4.7m | 4.8m |
| **IOMLÁN** | **569** | **565** | **2,394.3m** | **3,605.20m** |

## Ceadúnais Aonair um Dhé-Úsáid de réir na Catagóire

| | 2019 | | 2018 | | 2017 | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Catagóir[14] | Uimh. | Luach an Cheadúnais € | Uimh. | Luach an Cheadúnais € | Uimh. | Luach an Cheadúnais € |
| 1 | 12 | 1.9m | 15 | 2.4m | 17 | 4.7m |
| 2 | 26 | 2.6m | 36 | 0.1m | 32 | 0.1m |
| 3 | 50 | 212.5m | 51 | 147.3m | 60 | 145.3m |
| 5 | 341 | 234.4m | 315 | 258.3m | 312 | 204.8m |
| 7 | 7 | 1.9m | 20 | 1.6m | 13 | 0.7m |
| 4,6, & 8 | 9 | 0.9m | 7 | 1.0m | 13 | 1.6m |
| **Iomlán** | **445** | **454.2** | **444** | **410.8m** | **447** | **357.1m** |

[14] Comhfhreagraíonn na catagóirí leis na cinn atá leagtha amach in Iarscríbhinn I leis an Rialachán maidir le Dé-Úsáid (féach Iarscríbhinn IV den tuarascáil seo).

## Ceadúnais Dhomhanda um Dhé-Úsáid de réir na Catagóire

| | 2019 € | | 2018 € | | 2017 € | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Catagóir**[15] | **Uimh.** | **Luach** | **Uimh.** | **Luach** | **Uimh.** | **Luach** |
| **1** | 0 | 0.0m | 2 | 0.0m | 2 | 0.0m |
| **2** | 0 | 0.0m | 2 | 0.1m | 2 | 0.0m |
| **3** | 13 | 1.0m | 5 | 2.5m | 5 | 0.3m |
| **4** | 4 | 0.0m | 2 | 0.0m | 2 | 0.0m |
| **5** | 23 | 1,797.8m | 23 | 3,154.5m | 23 | 2,855.9m |
| **6** | 0 | 0.0m | 2 | 0.0m | 2 | 0.0m |
| **7** | 0 | 0.0m | 1 | 0.0m | 0 | 0.0m |
| **Iomlán**[16] | **23** | **1,897.8** | **23** | **3,157.1m** | **23** | **2,856.1m** |

[15] Comhfhreagraíonn na catagóirí leis na cinn atá leagtha amach in Iarscríbhinn I leis an Rialachán maidir le Dé-Úsáid (féach Iarscríbhinn IV den tuarascáil seo).

[16] D'fhéadfadh ítimí a bheith i gceist le ceadúnas domhanda lena n-áirítear ítimí ó níos mó ná catagóir amháin agus, más seo an cás taifeadtar é i ngach catagóir, e.g. cuirfear ceadúnas domhanda lena n-áirítear táirgí i gcatagóirí 3 agus 4 san áireamh i gcuntas na gceadúnas domhanda don dá chatagóir. Dá réir sin, ní thiocfaidh an tsuim thar cholún líon na gceadúnas le fíor-líon na gceadúnas, atá taifeadta sa líne ag bun.

## Ceadúnais Aonair um Dhé-Úsáid de réir na Catagóire agus Ceann Scríbe 2019

| Catagóir | Ceann scríbe | Uimh. Eisithe | Luach € |
|---|---|---|---|
| 1 | | | |
| | An Bhanglaidéis | 1 | 561,442 |
| | An tSín | 5 | 440,669 |
| | An Cholóim | 1 | 148,932 |
| | An Iordáin | 1 | 52,196 |
| | Cuáit | 1 | 100,832 |
| | An Chóiré Theas/Poblacht Na Cóiré | 1 | 124,455 |
| | An tÉalainn | 2 | 497,269 |
| 2 | | | |
| | An tSín | 7 | 2,042,593 |
| | An Éigipt | 1 | 700 |
| | An Indinéis | 1 | 412 |
| | Iosrael | 2 | 2,541 |
| | An Chasacstáin | 1 | 799 |
| | An Mhalaeisia | 3 | 295,791 |
| | Catar | 2 | 12,322 |
| | An Rúis | 1 | 851 |
| | An Araib Shádach | 2 | 854 |
| | An Afraic Theas | 1 | 290 |
| | An Chóiré Theas/Poblacht Na Cóiré | 3 | 1,865 |
| | Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha | 2 | 237,802 |
| 3 | | | |
| | An tSile | 1 | 4,100 |
| | An tSín | 23 | 30,629,703 |
| | An India | 3 | 69,941,344 |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | Iosrael | 1 | 224,550 |
| | An Mhalaeisia | 2 | 11,804,802 |
| | Meisiceo | 1 | 15,650 |
| | Oileáin Fhilipíneacha | 7 | 37,765,342 |
| | An Rúis | 3 | 371,894 |
| | Singeapór | 4 | 42,476,902 |
| | An Chóiré Theas/Poblacht Na Cóiré | 4 | 19,203,310 |
| | Aontas Na nÉimíríochtaí Arabacha | 1 | 14,300 |
| 5 | | | |
| | An Afganastáin | 1 | 291,429 |
| | An Albáin | 1 | 17,532 |
| | An Airgintín | 7 | 6,322,126 |
| | An Airméin | 1 | 165,000 |
| | An Asarbaiseáin | 1 | 1,481,873 |
| | Bairéin | 5 | 1,504,277 |
| | An Bhanglaidéis | 5 | 3,779,823 |
| | An Bhealarúis | 1 | 286 |
| | An Bhotsuáin | 1 | 100,000 |
| | An Bhrasaíl | 7 | 10,574,888 |
| | An tSín | 30 | 30,774,923 |
| | An Cholóim | 4 | 8,492,770 |
| | Cósta Ríce | 1 | 451,855 |
| | Daon-Phoblacht Dhaonlathach Chongó | 1 | 15,659 |
| | Eacuadór | 4 | 4,665,066 |
| | An Éigipt | 13 | 13,277,026 |
| | An tSalvadóir | 2 | 774,250 |
| | An tSeoirsia | 1 | 40,818 |
| | Guam | 1 | 1,481,915 |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | Hondúras | 1 | 128,489 |
| | Hong Cong (An tSín) | 4 | 104,433 |
| | An India | 21 | 17,133,050 |
| | An Indinéis | 3 | 4,535,812 |
| | An Iaráic | 1 | 27,648 |
| | Iosrael | 13 | 4,339,155 |
| | An Iordáin | 6 | 7,511,789 |
| | An Chasacstáin | 3 | 779,700 |
| | An Chéinia | 3 | 3,420,101 |
| | Cuáit | 4 | 3,131,931 |
| | An Liobáin | 6 | 4,680,890 |
| | An Mhalaeisia | 1 | 0 |
| | Montainéagró | 1 | 29,881 |
| | Maracó | 7 | 2,848,904 |
| | An Namaib | 1 | 1,548,020 |
| | An Nigéir | 1 | 23,481 |
| | Óman | 9 | 4,063,836 |
| | An Phacastáin | 2 | 1,868,757 |
| | Peiriú | 1 | 1,513,901 |
| | Catar | 17 | 12,730,189 |
| | An Rúis | 3 | 8,132 |
| | Ruanda | 1 | 88,000 |
| | An Araib Shádach | 29 | 24,514,166 |
| | An tSeirbia | 1 | 350,000 |
| | Singeapór | 11 | 773,183 |
| | An Afraic Theas | 6 | 1,892,042 |
| | An Chóiré Theas/Poblacht Na Cóiré | 6 | 6,312,580 |
| | An Téaváin (An tSín) | 8 | 8,696,811 |
| | An Téalainn | 2 | 264,000 |
| | An Túinéis | 1 | 3,494 |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | An Tuirc | 35 | 16,622,053 |
| | An Úcráin | 10 | 3,325,216 |
| | Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha | 32 | 15,089,437 |
| | Vítneam | 2 | 350,000 |
| | Éimin | 2 | 1,511,488 |
| 6 | | | |
| | An Asarbaiseáin | 1 | 3,325 |
| | Poblacht na hAfraice Láir | 1 | 283,000 |
| | An tSín | 3 | 95,723 |
| | An India | 1 | 2,603 |
| | An Mhalaeisia | 1 | 264,907 |
| | Oileáin Fhilipíneacha | 2 | 283,057 |
| 7 | | | |
| | An tSín | 1 | 50,000 |
| | Iosrael | 1 | 128,550 |
| | An Chóiré Theas/Poblacht na Cóiré | 4 | 175,980 |
| | An Tuirc | 1 | 1,550,355 |
| | | | |
| | **Iomlán** | **445** | **€454,244,097** |

## Ceadúnais Aonair Mhíleata de réir na Catagóire[17] agus Ceann Scríbe 2019

| Cód | Ceann scríbe | Líon na gCeadúnas a Eisíodh | Luach na gCeadúnas € |
|---|---|---|---|
| ML1 | An Astráil | 1 | 102,017 |
| | Ceanada | 1 | 50 |
| | An Chróit | 1 | 4,500 |
| | An Chosaiv | 2 | 582 |
| | An Nua-Shéalainn | 1 | 9,887 |
| | An Eilvéis | 1 | 1,800 |
| | Na Stáit Aontaithe | 5 | 12,453 |
| | An Ghearmáin | 1 | 34,613 |
| | | | |
| ML3 | An Ghearmáin | 1 | 4,075 |
| | | | |
| ML4 | An Ríocht Aontaithe | 13 | 177,221 |
| | An tSualainn | 1 | 150,000 |
| | Na Stáit Aontaithe | 2 | 6,297,863 |
| | | | |
| ML5 | An Astráil | 4 | 308,051 |
| | Ceanada | 3 | 842,075 |
| | An Fhionlainn | 1 | 90,500 |
| | An Ghearmáin | 1 | 393,240 |
| | An Nua-Shéalainn | 1 | 7,478 |
| | An Chóiré Theas/Poblacht Na Cóiré | 3 | 502,000 |
| | An tSualainn | 4 | 1,798,256 |
| | An Eilvéis | 2 | 400,000 |
| | An Tuirc | 6 | 2,802,874 |
| | Na Stáit Aontaithe | 18 | 13,259,103 |
| | | | |
| ML6 | Singeapór | 3 | 77,058 |
| | An Eilvéis | 1 | 93,200 |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | An Ríocht Aontaithe | 1 | 1,000,000 |
| | | | |
| ML9 | An Iodáil | 1 | 67,460 |
| | | | |
| ML10 | An Fhrainc | 1 | 160,000 |
| | An Ríocht Aontaithe | 1 | 556,200 |
| | Na Stáit Aontaithe | 4 | 11,746,504 |
| | An Iorua | 1 | 2,147 |
| | | | |
| ML11 | An Fhrainc | 1 | 36,188 |
| | | | |
| ML13 | Ceanada | 1 | 452,323 |
| | An Ghearmáin | 1 | 6,875 |
| | | | |
| ML17 | Na Stáit Aontaithe | 1 | 56,393 |
| | An Ghearmáin | 1 | 17,856 |
| | | | |
| ML19 | An Ríocht Aontaithe | 1 | 1,110 |
| | | | |
| ML21 | An Astráil | 1 | 100,000 |
| | An Tuirc | 1 | 100,000 |
| | Na Stáit Aontaithe | 3 | 300,000 |
| | | | |
| ML22 | An Astráil | 1 | 50,000 |
| | Na Stáit Aontaithe | 3 | 300,000 |
| | | | |
| | **Iomlán** | **101** | **42,321,952** |

[17] Tá Catagóirí Liostaí Míleata sainithe ag Iarscríbhinn III.

## Ceadúnais Aonair Mhíleata de réir Ceann Scríbe 2019

| Ceann scríbe | Líon na gCeadúnas | Luach na gCeadúnas<br>€ |
|---|---|---|
| | | |
| An Astráil | 7 | 560,068 |
| Ceanada | 5 | 1,294,448 |
| An Chróit | 1 | 4,500 |
| An Fhionlainn | 1 | 90,500 |
| An Fhrainc | 2 | 196,188 |
| An Ghearmáin | 5 | 456,659 |
| An Iodáil | 1 | 67,460 |
| An Chosaiv | 2 | 582 |
| An Nua-Shéalainn | 2 | 17,365 |
| An Iorua | 1 | 2,147 |
| Singeapór | 3 | 77,058 |
| An Chóiré Theas/Poblacht Na Cóiré | 3 | 502,000 |
| An tSualainn | 5 | 1,948,256 |
| An Eilvéis | 4 | 495,000 |
| An Tuirc | 7 | 2,902,874 |
| An Ríocht Aontaithe | 16 | 1,734,531 |
| Na Stáit Aontaithe | 36 | 31,972,316 |
| **Iomlán[18]** | **101** | **42,321,952** |

[18] Áirítear ar an liosta seo ceadúnais aonair mhíleata D'fhéadfaí níos mó ná tír cinn scríbe amháin a bheith clúdaithe i gceadúnas domhanda agus, más é sin an cás taifeadtar é i ngach tír.

# Iarscríbhinn III – Achoimre ar Chóid Liostaí Míleata

**ML1** Airm chró mhín ar a bhfuil calabra níos lú ná 20 mm, airm eile agus airm uathoibríocha ar a bhfuil calabra 12.7 mm (calabra 0.50 orlach) nó níos lú agus gabhálais, agus comhpháirteanna atá deartha go speisialta dóibh.

**ML2** Airm chró mhín ar a bhfuil calabra 20 mm nó níos mó, airm eile agus armáil ar a bhfuil calabra níos mó ná 12.7 mm (calabra 0.50 orlach), teilgeoirí agus gabhálais, agus comhpháirteanna atá deartha go speisialta dóibh.

**ML3** Armlón agus feistí socruithe fiús, agus comhpháirteanna atá deartha go speisialta dóibh.

**ML4** Pléascáin, toirpéid, roicéid, diúracáin, agus feistí agus luchtanna pléascacha eile agus trealamh agus gabhálais ghaolmhara, agus comhpháirteanna atá deartha go speisialta dóibh.

**ML5** Rialú dóiteáin, agus trealamh foláirimh agus rabhaidh gaolmhar, agus córais ghaolmhara, trealamh tástála agus trealamh ailínithe agus frithbhirt, atá deartha go speisialta d'úsáid mhíleata, agus comhpháirteanna agus gabhálais atá deartha go speisialta dóibh.

**ML6** Feithiclí talún agus comhpháirteanna.

**ML7** Oibreáin thocsaineacha cheimiceach nó bhitheolaíocha, "oibreáin rialaithe círéibe", ábhair radaighníomhacha, trealamh, comhpháirteanna agus ábhair ghaolmhara.

**ML8** "ábhair fuinneamhachais" agus substaintí gaolmhara.

**ML9** Árthaí cogaidh (dromchla nó faoi uisce), trealamh cabhlaigh speisialta, gabhálais, comhpháirteanna agus árthaí dromchla eile.

**ML10** "Aerárthaí", "feithiclí atá níos éadroime ná an t-aer", "feithiclí gan foireann, innill aerárthaigh agus trealamh "aerárthaigh", trealamh agus comhpháirteanna gaolmhara, atá deartha nó mionathraithe go speisialta d'úsáid mhíleata.

**ML11** Trealamh leictreonach, nach bhfuil sonraithe áit ar bith ar Liosta Comhchoiteann Míleata AE, agus comhpháirteanna atá deartha go speisialta dó.

**ML12** Córais arm fuinnimh chinéitigh ardluais agus trealamh gaolmhar, agus comhpháirteanna atá deartha go speisialta dóibh.

**ML13** Trealamh armúrtha nó cosanta, tógálacha agus comhpháirteanna.

**ML14** ‘Saintrealamh le haghaidh oiliúint mhíleata’ nó le haghaidh cásanna míleata ionsamhlacha, ionsamhlóirí atá deartha go speisialta d’oiliúint in úsáid airm thine nó airm ar bith arna shonrú le ML1 nó ML2, agus comhpháirteanna agus gabhálais atá deartha go speisialta dóibh.

**ML15** Trealamh íomháithe nó frithbhirt, atá deartha go speisialta d’úsáid mhíleata, agus comhpháirteanna agus gabhálais atá deartha go speisialta dóibh.

**ML16** Gaibhniú, teilgin agus táirgí neamhchríochnaithe eile atá deartha go speisialta d’ítimí arna sonrú le ML1 go ML4, ML6, ML9, ML10, ML12 nó ML19.

**ML17** Trealamh ilghnéitheach, ábhair agus ‘leabharlanna, agus comhpháirteanna atá deartha go speisialta dóibh.

**ML18** Trealamh agus comhpháirteanna táirgthe.

**ML19** Córais arm fuinnimh dhírithe (DEW), trealamh agus samhlacha tástála gaolmhara nó frithbhirt, agus comhpháirteanna atá deartha go speisialta dóibh.

**ML20** Trealamh crióigineach agus “forsheoltach”, agus comhpháirteanna agus gabhálais atá deartha go speisialta dóibh.

**ML21** "Bogearraí."

**ML22** "Teicneolaíocht."

# Iarscríbhinn IV – Achoimre ar Chatagóirí Dé-Úsáide

Comhfhreagraíonn na catagóirí maidir le Dé-Úsáid leis na cinn atá leagtha amach in Iarscríbhinn I leis an Rialachán maidir le Dé-Úsáid arna leasú:

**Catagóir 0:** Ábhair núicléacha, saoráidí núicléacha

agus trealamh núicléach

**Catagóir 1:** Ábhair speisialta agus trealamh gaolmhar

**Catagóir 2**: Próiseáil Ábhar

**Catagóir 3:** Earraí Leictreonacha

**Catagóir 4:** Ríomhairí

**Catagóir 5:** Slándáil teileachumarsáide agus faisnéise;

**Catagóir 6:** Braiteoirí agus léasair

**Catagóir 7:** Loingseoireacht agus eitleonaic

**Catagóir 8:** Muirí

**Catagóir 9:** Aeraspás agus Tiomáint

# Iarscríbhinn V – Córais Iltaobhacha um Neamhleathadh

Tá taca crutha faoin gcreat domhanda maidir le rialuithe onnmhairiúcháin agus ítimí dé-úsáide le líon córais dhomhanda iltaobhacha um neamhleathadh. Tá na córais sin bunaithe ar chomhaontaithe riaracháin deonacha idir tíortha rannpháirteacha chun oibriú i gcomhar d'fhonn an tslándáil dhomhanda a chosaint. Coinnítear liosta dinimiciúil i ngach córas d'ítimí íogair laistigh de raon feidhme an chórais, a bhfuil sé de cheangal ar na tíortha rannpháirteacha iad a rialú i ngeall ar an mbaol um leathadh a bhaineann leo. Déanann saineolaithe teicniúla ó na tíortha rannpháirteacha nuashonruithe ar na liostaí a mholadh agus a fhaomhadh chun teacht leis an dul chun cinn sa teicneolaíocht agus forbairtí geopholaitiúla.

Comhcheanglaíonn liosta AE d'ítimí dé-úsáide na liostaí aonair a sholáthraíonn na

córais. Is iad seo a leanas na córais sin:

- Tacaíonn ***Comhaontú Wassenaar Arrangement*** le rialuithe onnmhairiúcháin a bhaineann le hairm thraidisiúnta agus ítimí de-úsáide i réimse leathan earraí agus teicneolaíochtaí, lena n-áirítear, ábhair, ceimiceáin, TFC, muirí agus aeraspás.[19]
- Tá sé mar aidhm ag ***Grúpa na hAstráile*** a chinntiú nach gcuirfidh onnmhairí le forbairt arm ceimiceach nó bitheolaíoch.[20]
- Tá sé mar aidhm leis an ***gCóras Rialaithe um Theicneolaíocht Diúracán*** cosc a chur ar leathadh diúracán balaistíoch agus ar chórais aerárthaí gan foireann atá ábalta airm ollscriosta a sheachadadh.[21]
- Tá sé mar aidhm ag ***Grúpa na Soláthraithe Núicléacha*** cosc a chur ar leathadh arm núicléach trí onnmhairiú ábhar, trealaimh agus teicneolaíochta a rialú ar féidir iad a úsáid chun airm núicléacha a dhéanamh.[22]
- Tá sé mar aidhm ag an ***Eagraíocht um Thoirmeasc ar Airm Cheimiceacha*** forálacha maidir leis an gCoinbhinsiún um Airm Cheimiceacha a chur chun feidhme chun domhan a bheidh saor ó airm cheimiceacha a bhaint amach.[23]

Tá Éire páirteach i ngach ceann de na cúig chóras.

---

[19] Féach <http://www.wassenaar.org>.
[20] Féach <http://www.australiagroup.net/en>.
[21] Féach <http://mtcr.info>.
[22] Féach <http://www.nuclearsuppliersgroup.org/en>.
[23] Féach <https://www.opcw.org>.

# Iarscríbhinn VI – Bearta Sriantacha AE

Is ionann bearta sriantacha, nó smachtbhannaí, agus uirlis de chuid Chomhbheartas Eachtrach agus Slándála AE (CBES). Cuireann AE gach smachtbhanna a fhorchuireann na Náisiúin Aontaithe chun feidhme. Lena chois sin, féadfaidh AE smachtbhannaí de chuid na Náisiún Aontaithe a neartú trí bhearta níos doichte agus beartais bhreise a chur i bhfeidhm. Nuair is iomchuí leis an Aontas Eorpach, féadfaidh sé a chinneadh smachtbhannaí athrialaitheacha chur fhorchur.

*Príomhchuspóirí le smachtbhannaí AE*

- Luachanna, bunleasanna, agus slándáil AE a chosaint.
- Síochain a choimeád;
- An daonlathas, an smacht reachta, cearta an duine agus na Prionsabail um dhlí idirnáisiúnta a chomhdhlúthú agus tacú leo;
- Coinbhleachtaí a chosc agus an tslándáil idirnáisiúnta a neartú.

Níl sé beartaithe go mbeidh smachtbhannaí AE pionósach, ach seachas sin go ndéanfar athrú leo ar an mbeartas agus ar iompar na tíre sprice, na n-eintiteas nó na ndaoine aonair, chun cuspóir CBES a chur chun cinn. D'fhéadfadh na smachtbhannaí a bheith ina lánchosc arm, cosc taistil agus bearta eacnamaíocha amhail reo sócmhainní agus rialuithe onnmhairiúcháin. Déantar na smachtbhannaí a athbhreithniú ar bhonn rialta agus cinneann Comhairle an Aontais Eorpaigh cé acu ar cheart smachtbhannaí a athnuaigh, a leasú nó a bhaint.

Déantar Smachtbhannaí AE a phlé ag Meitheal na gComhairleoirí um Chaidreamh Eachtrach RELEX[24]. Tá na smachtbhannaí achtaithe trí Rialacháin AE, a bhfuil éifeacht dhíreach acu i ndlí na hÉireann. Mar sin féin, ní mór pionóis a sholáthar as sárú ar na Rialacháin sin trí achtú ionstraimí reachtúil faoi Acht na gComhphobal Eorpach 1972 (arna leasú).

Tá an Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta ar cheann de thrí údarás náisiúnta inniúla na hÉireann le haghaidh Bhearta Sriantacha AE, mar aon leis an Roinn Gnóthaí Eachtracha[25] agus leis an mBanc Ceannais[26]. Ní ghlacann an Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta páirt i gceapadh smachtbhannaí AE agus tugann an Roinn Gnóthaí Eachtracha fógra di maidir le smachtbhannaí úra.

- Tá an Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta freagracht as cur chun feidhme Ionstraimí Reachtúla chun éifeacht iomlán a thabhairt do na smachtbhannaí a bhaineann le tíortha sonracha (tá an fhreagracht as IRanna a bhaineann go sonrach le tír a chur chun feidhme idir an Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta agus an Roinn Airgeadais).
- Tá an Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta freagrach as smachtbhannaí trádála (neamhairgeadais) a fhorfheidhmiú agus oibríonn sí go dlúth leis na Coimisinéirí Ioncaim chuige sin.
- Cuireann an Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta smachtbhanna uathúil chun feidhme chomh maith i gcoinne na Rúise lena dteastaíonn údarú roimh ré le haghaidh onnmhairiú earraí áirithe chuig an Rúis.

---

[24] Féach <http://www.consilium.europa.eu/en/council-eu/preparatory-bodies/working-party-foreign- relations-counsellors>.
[25] Féach <https://www.dfa.ie/home/index.aspx?id=28519>.
[26] Féach <https://www.centralbank.ie/regulation/how-we-regulate/international-financial-sanctions>.

Chun tuilleadh faisnéise a fháil, déan teagmháil le exportcontrol@dbei.gov.ie



An Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta
Department of Business, Enterprise and Innovation